



## Téama

Daonra ~ Cuir san áireamh muid

## Cuspóirí

Go gcuirfear ar chumas an pháiste:

- Míniú céard é an daonáireamh agus cur síos a dhéanamh ar na céimeanna i bpróiseas an daonáirimh
- Ceisteanna maidir le Daonáireamh 2016 a chur agus a fhreagairt
- Stair an daonáirimh in Éirinn a phlé
- Cuardach a dhéanamh tríd an gCartlann Náisiúnta do dhaonáirimh 1901 agus 1911
- Scrúdú a dhéanamh ar staitisticí daonra ceann de na cúigí ó Dhaonáireamh 2011
- Fiosrúchán daonra scoile a dhéanamh

## Modheolaíochtaí

- ✓ Réiteach Fadhbanna
- ✓ Foghlaim i gcomhar lena chéile
- ✓ Úsáid a bhaint as an Timpeallacht
- ✓ Foghlaim ghníomhach
- ✓ Scileanna tríd Toilleadh
- ✓ Caint agus Díospóireacht

## Scileanna Matamaiticiúla

- ✓ Cuir i bhfeidhm agus Réiteach Fadhbanna
- ✓ Cumarsáid a dhéanamh agus Léiriú
- ✓ Comhtháthú agus Ceangail
- ✓ Réasúnú
- ✓ Cuir i ngníomh
- ✓ Tuiscint agus Athchuidíocht

## Tascanna

- Caint agus díospóireacht – Daonáireamh 2016 – príomh smaointe agus céimeanna i bpróiseas an daonáirimh
- Imeacht don rang ar fad – tuar freagraí ar cheisteanna coitianta maidir leis an daonáireamh
- Obair Bheirte – Staidéar ar Stair an Daonáirimh/ Fiosrúchán Daonra
- Obair Aonair: Taighde sa Chartlann Náisiúnta

## Teastaíonn

- Acmhainn 2.1 Céimeanna i gCiorcal an Daonáirimh
- Acmhainn 2.2 Bileog Oibre ‘Stair an Daonáirimh in Éirinn’
- Acmhainn 2.3 Cur síos ar Bhlianta Daonáirimh in Éirinn
- Acmhainn 2.4 Cártaí Eolais Daonra
- Acmhainn 2.5 Bileog Oibre do Fhiosrúchán Daonra
- Acmhainn 2.6 Teimpléad Bán – Daonra Cúige
- Acmhainn 2.7 Mapa Bán de Dhaonra na hÉireann 2006
- Acmhainn 2.8 Ceisteanna Coitianta – Do fhreagraí! (Teimpléad)
- Acmhainn 2.9 Ceisteanna Coitianta – Freagraí POS
- Acmhainn 2.10 Fiosrúchán Daonra Scoile

## Príomhtheachtairéachtaí

- Tá daonáirimh á thógáil in Éirinn ó 1841
- Tá comhaireamh den daonra náisiúnta mar chuid den daonáireamh
- Is féidir staitisticí daonáirimh a chur i gcomparáid le gach daonáireamh a bhí ann
- Eolas daonáirimh in úsáid le foghlaim faoin am atá thart, mar shampla, úsáid na Cartlainne Náisiúnta
- Is féidir daonáireamh a dhéanamh ag leibhéil éagsúla – leibhéal náisiúnta, seomra ranga ....
- Tá gach céim de phróiseas an daonáirimh tábhachtach.

## Comhtháthú agus Nascáil:

**Gaeilge: Teanga Labhartha:** Caint agus díospóireacht, ceisteanna a chur, ceisteanna a fhreagairt, réasúnú, cuir síos, míniú, comparáid a dhéanamh.....

**Stair::** Scrúdú a dhéanamh ar an Daonáireamh in Éirinn; Úsáid a bhaint as an gCartlann Náisiúnta le taighde a dhéanamh ar shonraí ó Dhaonáirimh 1901 agus 1911

**Tíreolas:** Staidéar ar dhaonra na gcontaetha agus na gcúigí in Éirinn

**Mata:** Uimhreacha móra, staitisticí a chur i gcomparáid, 5/10 a chur le huimhreacha móra, uimhreacha a chur in ord...

**Forbairt Teanga:** *Daonáireamh, rialtas, teaghlach, bailigh, ceist, eolas, foirm, iarr, Dé Domhnaigh, Aibreán, daonra, taifead, plean, todhchaí, seiceáil, comhaireamh, tábhachtach, cinneadh, ceisteanna coitianta, éigeantach, faoi rún, tuairisceán, go leictreonach...*

## Measúnú

Déanfar measúnú ar na páistí agus iad ag:

- déanamh cur síos ar na céimeanna i bpróiseas an Daonáirimh
- cur príomhcheisteanna le tuilleadh a fhoghlaim faoin daonáireamh
- acmhóire a dhéanamh ar stair an daonáirimh in Éirinn
- taighde a dhéanamh ar staitisticí ón gCartlann Náisiúnta
- déan comparáid idir staitisticí

## Pointí Airde don Mhúinteoir

Déan nóta i leabhar nótaí d’aon eachtraí tábhachtacha a thugann tú faoi deara, mar shampla páiste a bhfuil deacracht aige/aici na ceisteanna tábhachtacha a chur agus a fhreagairt, cur síos a dhéanamh ar an bpróiseas, na bileoga oibre nó na cártaí fiosrúcháin a líonadh. Tabhair faoi deara freisin aon pháistí go dteastaíonn dúshlán níos mó uathu agus bain úsáid as na moltaí tugtha san obair bhreise.

## Obair Bhreise

- Cruthaigh bord/ait taispeántais don Tógra Daonáirimh Ranga.
- Cruthaigh tionscnamh Daonáirimh aonair i leabhar gearrthóg.
- Scrúdaigh sonraí ón gCartlann Náisiúnta agus déan taifead air.

## Naisc Bhaile/Scoile

Déan taighde ar shinsear clainne ar shuíomh idirlín na Cartlainne náisiúnta.

Tabhair cuairt ar <http://www.census.nationalarchives.ie/search/> Cruthaigh ‘Togra Clainne’ i leabhar gearrthóg agus cuir ann craobha ginealaigh, eolas daonáirimh, sean ghrianghrafanna, litreacha, léaráidí...

Tabhair cuairt ar [www.cso.ie/census](http://www.cso.ie/census) agus scrúdaigh cuid den eolas atá bailithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh.

# Nótaí an Mhúinteora - Ceacht a 2



## Réamhrá

### *Plé agus Díospóireacht*

Dul siar ar na príomhtheachtaireachtaí ó Cheacht a 1 - Céard is cuimhin linn?

- Iarrtar ar na páistí an scéal ‘Daithí agus Daonáireamh 2016’ a insint arís ar mhaithe le dul siar ar a dtuiscint ar an daonáireamh. [Acmhainn 1.3]
  - ✓ Comhaireamh oifigiúil de dhaonra tíre é daonáireamh.
  - ✓ In Éirinn, bíonn daonáireamh ann gach cúig bliana.
  - ✓ Beidh gach duine in Éirinn comhairthe ar an Domhnach, 24 Aibreán 2016.
  - ✓ Dáilfear foirmeacha Daonáirimh ar ár dtithe i mí Márta agus comhlánfar iad Lá an Daonáirimh.
  - ✓ Tá liosta ceisteanna ar fhoirm an daonáirimh atá le freagairt Lá an Daonáirimh. Beidh na freagraí ina gcúnamh don rialtas le planáil don todhchaí.
  - ✓ Baileófar na foirmeacha agus déanfar an t-eolas a sheiceáil agus a chomhaireamh.
  - ✓ Is féidir na sonraí seo a thaispeáint ar ghraf, i léaráid nó a bheith scríofa i dtuairisc.
- Cruthaigh scéal don bhalla ag baint úsáide as na Céimeanna i gCiorcal an Daonáirimh [Acmhainn 2.1]. Is féidir an rang a roinnt i seacht ngrúpa. Tabhair céim amháin de Chiorcal an Daonáirimh do gach grúpa. Cruthóidh gach grúpa léaráid den chéim sin. Iarrfar ar cheannairí na ngrúpaí ansin scéal an bhalla a chruthú trí na léaráidí a chur san ord ceart. Inseoidh na bail eile de na grúpaí an méad a tharlaíonn ag gach céim den phróiseas.

## Forbairt

- Beidh ceisteanna freisin ag na páistí maidir le teacht i gerích an Daonáirimh in Éirinn agus beidh sé tábhachtach breathnú ar stair an daonáirimh inár dtír. D’fhéadfadh na páistí tuar:
  - ~ cén uair a bhí an chéad Daonáireamh in Éirinn
  - ~ cén fáth a raibh daonáirimh tógtha
  - ~ cé chomh minic a tógadh daonáireamh
  - ~ cé mhéad daonáirimh a bhí ann go dtí seo
  - ~ cé mhéad ceisteanna a cuireadh
  - ~ cé na ceisteanna a cuireadh
- Is féidir leis an múinteoir an stair ghairid seo a leanas de dhaonáirimh in Éirinn a thabhairt do na páistí

nó

Bain úsáid as an mbileog oibre ‘Stair an Daonáirimh in Éirinn’ leis na páistí ag obair i mbeirteanna le léargas a fháil ar stair an daonáirimh in Éirinn [Acmhainn 2.2].

Féach freisin leathanach achoimre ar bhlianta daonáirimh in Éirinn [Acmhainn 2.3].

## Stair an Daonáirimh in Éirinn

Ag tosú sa bhliain 1821, tógadh daonáirimh gach deich mbliana suas go dtí 1911 agus an bhliain sin san áireamh. An féidir leat na blianta daonáirimh a liostáil? Cé mhéad daonáirimh a bhí ann? (Scil uimhreach – deich a chur le huimhir)

Thosaigh an chéad tsraith eile deich mbliana leis na daonáirimh sna blianta 1926, 1936 agus 1946? Cé mhéad blianta a bhí idir an chéad agus an dara sraith daonáireamh? (15 bliana)

Ag tosú sa bhliain 1951, bhí daonáirimh ann gach cúig bliana. Leanadh leis seo go dtí 1976 nuair a cuireadh an daonáireamh don bhliain sin ar ceal mar gheall ar ghearradh siar sa bhuiséad airgeadais. (Scil uimhreach – cúig a chur le huimhir). Déan plé ar an gcostas a bhaineann le daonáireamh – foireann a earcú agus a thraenáil, costais taistil, costais riaracháin, teicneolaíocht agus torthaí a fhoilsiú...

Bhí daonáireamh ann inár cuireadh 6 cheist sa bhliain 1979. An féidir leat tomhas céard iad na ceisteanna sin?


Lean na daonáirimh as sin go dtí 2001. Cuireadh an ceann seo ar athló go dtí 2002. An bhfuil aon tuairim agat cén fáth? (Galar Crúibe agus Béal)

Ag baint úsáide as na leideanna thuas, liostaigh na blianta daonáirimh agus déan amach cé mhéad daonáirimh a bhí againn go dtí seo in Éirinn?

1821, 1831, 1841, 1851, 1861, 1871, 1881, 1891, 1901, 1911, 1926, 1936, 1946, 1951, 1956, 1961, 1966, 1971, 1979, 1981, 1986, 1991, 1996, 2002, 2006 (25)

- Tá leathanach staire a thugann eolas ar stair na ndaonáireamh go ginearálta agus ar dhaonáirimh na hÉireann a tógadh ar fáil ar shuíomh idirlín an daonáirimh [www.census.ie](http://www.census.ie). Tá tuairisceáin suaitheanta daonáirimh ó 1901 agus 1911 a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar spéise ó thaobh na staire ar fáil – Pádraig Mac Piarais, Séamus Ó Conghaile, W.B. Yeats...
- Is féidir na páistí a threorú le tuilleadh fiosrúchán stairiúil a dhéanamh trí thaighde a dhéanamh ar eolas ó Dhaonáirimh 1901 agus 1911.

Tabhair cuairt ar: <http://www.census.nationalarchives.ie/search/>



### Cuardach Daonáirimh

- Is féidir cuardach a dhéanamh faoi critéar amháin nó níos mó trí chliceáil ar na roghanna ar fáil agus ansin clliceáil ar an gcnaipe cuardaigh. Taispeáin cén chaoi gur féidir cuardach a dhéanamh ag baint úsáide as an inneall cuardaigh ar shuíomh idirlín na Cartlainne Náisiúnta ar an gclár bán idirghníomhach.
- Tabhair am do na páistí an t-eolas a léamh sna taifid samplacha faoi na critéir ar fad.

Is féidir na taifid daonáirimh a chuardach de réir:

- ~ Bliain ~ 1901 agus 1911: Taifid iomlána an daonra in Éirinn.
  - ~ Sloinne e.g. Ó Ceallaigh: Taifead de gach duine leis an sloinne Ó Ceallaigh.
  - ~ Céad ainm e.g. Máire: Taifead de na daoine ar fad leis an gcéad ainm Máire.
  - ~ Sloinne agus Céad ainm, mar shampla, Seán Ó Briain. Taifead de na daoine ar fad leis an ainm iomlán Seán Ó Briain.
  - ~ Contae: Taifead de gach duine a bhí ina gcónaí i gcontae faoi leith.
  - ~ Baile fearainn/Sráid: Taifead de gach duine a bhí ina gcónaí i mbaile fearainn nó sráid faoi leith.
  - ~ Aois: Taifead de gach duine d'aois faoi leith.
  - ~ Gnéis: Taifead de na fireannaigh/baineannaigh ar fad ina gcónaí in Éirinn sa bhliain daonáirimh.
- Is féidir le páistí an t-am a thógáil le taighde a dhéanamh ar a sinsear agus an t-eolas a thagann aníos a thaifead.  
Ar mhaithe le cuardach níos sonraithe, is féidir na páistí a mhúineadh le níos mó ná píosa amháin eolais a chur sa chuardach mar shampla bliain, céad ainm, sloinne, contae, baile fearainn, aois, gnéis .....
  - Is féidir leanacht leis an ngníomhaíocht seo sa bhaile agus d'fhéadfadh na páistí taighde a dhéanamh lena dteaghlaigh maidir lena sinsear. D'fhéadfadh na páistí 'Togra Clainne' a chruthú i leabhar gearrthóg agus craobha ginealaigh, eolas daonáirimh, cóipeanna de shean ghrianghrafanna, litreacha, léaráidí &rl a chur ann.



- Ceann de na príomh fáthanna le daonáireamh a dhéanamh é fáil amach cén daonra atá ag an tír ar mhaithe le planáil don todhchaí. Sa chéad ghníomhaíocht eile beidh na páistí ag scrúdú taifid dhaonra ó Dhaonáireamh 2011 óna gcúige/contae féin. Is féidir an t-eolas seo a fháil ag <http://www.cso.ie/en/census> agus tá cártaí eolais don daonra i ngach cúige curtha san áireamh leis an gceacht seo [Acmhainn 2.4].
- Roghnaigh an cárta eolais daonra a bhaineann le do chúige. Scrúdaigh an t-eolas curtha ar fáil agus déan plé ar na torthaí ó Dhaonáireamh 2006 [Acmhainn 2.4].
- Bain úsáid as an mbileog oibre 'Fiosrúchán Daonra' le plé a dhéanamh ós ard ar cheisteanna nó tabhair cead do na páistí dul ag obair i mbeirteanna le fiosrúchán daonra a dhéanamh ina gcúige féin [Acmhainn 2.5].

- Lean leis na gníomhaíochtaí agus na páistí ag taifead daonra gach contae ina gcúige in ord anuas i dtábla [Acmhainn 2.6] nó ag taifead daonra gach contae ar mhapa bán na hÉireann [Acmhainn 2.7].

## Seisiún Díospóireachta

Sa seisiún seo, oibríonn na páistí i ngrúpaí agus déanann siad plé ar pháirteanna den cheacht.

- Ag an bpointe seo tá sé tábhachtach do na páistí aon cheisteanna eile atá acu maidir le próiseas an daonáirimh nó Daonáireamh 2016 a chur. Déan liosta de na ceisteanna seo.  
nó
- Tabhair cuairt ar <http://census.ie/ga/the-census-and-you/your-questions/> ina bhfuil liosta de na ‘Ceisteanna Coitianta’ maidir leis an Daonáireamh. Déan comparáid de liosta na gceisteanna coitianta leis an liosta a chur na páistí ar fáil.



The screenshot shows the CSO website with the following elements:

- Header:**
  - Logo: An Phríomh-Oifig Staidrimh (Central Statistics Office)
  - Language: English
  - Navigation: Baile, An Daonáireamh agus Tusa, ... Rialacháin na gComhphobal, ... sa Stair, Conas a dhéanaimid é, Meáin
- Main Content:**
  - ## Gnáthcheisteanna

    - Céard é an Daonáireamh?
    - Cén uair a bheidh an chéad daonáireamh eile ann?
    - Cén uair a bhí an daonáireamh deireanach ann?
    - Cén fáth go mbíonn Daonáireamh ann?
  - ### An Daonáireamh agus Tusa

    - Gnáthcheisteanna
    - Foirm an Daonáirimh
      - Ceisteanna Nua i nDaonáireamh 2016
      - Gach ceist go mion
      - Turas fhoirm an daonáirimh
    - Cén fáth a bhfuil sé?
      - Cé a bhaineann úsáid as sonraí daonáirimh?
      - Cás-Staidéir

- Spreag na páistí le freagraí a chur ar fáil do na ceisteanna seo nó le freagraí a thuar ag baint úsáide as an eolas atá faighte acu maidir leis an daonáireamh. Is féidir é seo a dhéanamh ós ard nó ag baint úsáide as an teimpléad atá curtha ar fáil ‘Ceisteanna Coitianta ~ Do Fhreagraí’ [Acmhainn 2.8].



## Daonáireamh 2016 ~ Ceisteanna Coitianta

- Céard é an Daonáireamh?
- Cén uair a bheidh an chéad daonáireamh eile ann?
- Cén uair a bhí an daonáireamh deireanach ann?
- Cén fáth go mbíonn daonáireamh ann?
- Cén úsáid a bhaintear as?
- An bhfuil sé éigeantach?
- Céard atá le déanamh agam?
- Céard a tharlaíonn do mo shonraí ?
- Cén fáth a gcaitheann mé m'ainm a thabhairt?
- Cén chaoi a gcosnaíonn tú mo shonraí?
- An féidir liom na sonraí a úsáid?
- Cén fáth go mbíonn an oiread ceisteanna ann?
- Cé a chuireann an Daonáireamh i gcrích?
- An féidir an fhoirm a chomhlánú ar líne?
- Cén fáth nach féidir an tuairisceán a chomhlánú go leictreonach?
- Cé chomh fada a thógfaidh sé orm an fhoirm a chomhlánú?
- Cá bhfuil cúnamh le fáil?

- Lean leis an obair agus léigh na freagraí atá curtha ar fáil ar shuíomh idirlín na POS agus déan comparáid idir na freagraí atá ann agus na freagraí a thug na páistí. Is féidir na ceisteanna agus freagraí a léamh amach do na páistí, a chur ar an gclár bán idirghníomhach nó ar bhileog le tabhairt do na páistí le léamh [Acmhainn 2.9]


### *Obair Bhreise*

- Is féidir leis na páistí tuairisc béil a ullmhú ar stair an daonáirimh in Éirinn le cur i láthair daoine eile.
- Is féidir le páistí seisiún ceisteanna agus freagraí a ullmhú bunaithe ar eolas daonáirimh a bheadh úsáideach le múineadh do dhaoine eile maidir leis an daonáireamh.
- Fiosraigh taifid ó Dhaonáirimh 1901 agus 1911 agus déan taighde ar dhaoine a aithníonn tú, áiteanna a bhfuil spéis agat iontu ....
- Scrúdaigh na staitisticí daonra do na cúigí eile in Éirinn, déan comparáid idir na sonraí agus plé na cosúlachtaí agus na difríochtaí.
- Déan daonáireamh ar líon na bpáistí i ngach rang sa scoil. Bain úsáid as na sean leabhair rolla leis an daonra seo a chur i gcomparáid le daonra ó bhliain eile. Déan comparáid idir na sonraí agus plé ar na torthaí.

### *Naisc Bhaile / Scoile*

- Oibríonn páistí lena dteaghlaigh le taighde a dhéanamh ar a sinsear agus an t-eolas a fhaigheann siad a thaifead.
- D'fhéadfadh na páistí 'Togra Clainne' a chruthú i leabhar gearrthóg agus craobha ginealaigh, eolas daonáirimh, sean ghrianghrafanna, litreacha, léaráidí a bheith ann.

# Ciorcal an Daonáirimh



Lá an Daonáirimh 24 ~ Aibreán

# Dáiltear foirmeacha Daonáirimh ar ár dtithe





# Comhlántar Foirmeacha Daonáirimh ar Lá an Daonáirimh




# Bailítear Foirmeacha Daonáirimh



# Déantar Foirmeacha Daonáirimh a sheiceáil agus a scanáil



# Eolas a thaispeáint ar ghraif



# Graif a léamh agus tuairiscí a scríobh



# Déantar pleananna leis an tír a fheabhsú





## Stair an Daonáirimh in Éirinn

Tógadh an chéad daonáireamh in Éirinn sa bhliain 1821.  
Cé mhéad bliain ó shoin a bhí sé sin?

Ag tosú in 1821, bhí daonáireamh ann gach deich mbliana suas go dtí an bhliain 1911, an bhliain sin san áireamh.  
An féidir leat na blianta daonáirimh sin a liostáil?

Cé mhéad daonáirimh a bhí ann idir 1821 agus 1911?

Thosaigh an chéad tréimhse deich mbliana eile arís leis na daonáirimh sna blianta 1926, 1936 agus 1946.  
Cé mhéad bliain a bhí idir an chéad agus an dara sraith de dhaonáirimh?

Ag tosú sa bhliain 1951, bhí daonáirimh ann gach cúig bliana. Leanadh leis seo go dtí 1976 nuair a cuireadh an daonáireamh don bhliain sin ar ceal mar gheall ar ghearradh siar sa bhuiséad airgeadais.  
An féidir leat liosta a dhéanamh de na blianta daonáirimh seo?

Bhí daonáireamh ann inár cuireadh 6 cheist sa bhliain 1979. An féidir leat tomhas céard iad na ceisteanna sin?

Bhí daonáireamh eile ann i 1981 agus leanadh leo gach cúig bliana go dtí 2001. Cuireadh siar Daonáireamh 2011 go dtí 2002. An bhfuil aon tuairim agat cén fáth? An féidir leat liosta a dhéanamh de na blianta daonáirimh ó 1981 go 2002?

Tógadh an daonáireamh deireanach in Éirinn sa bhliain 2006. Beidh an chéad daonáireamh eile ann ar an Domhnach, 10 Aibreán 2011. An féidir leat a rá cén bhliain gur ceart an chéad daonáireamh eile ina dhiaidh sin a bheith ann. Ag baint úsáide as an eolas thuas, an féidir leat a rá cé mhéad daonáirimh san iomlán a bhí in Éirinn go dtí seo?

# An Daonáireamh in Éirinn

1821

1831

1841

1851

1861

1871

1881

1891

1901

1911

Gach deich  
mbliana

1926

1936

1946

Gach deich  
mbliana

1951

1956

1961

1966

1971

Gach cúig  
bhliana

1979

1981

1986

1991

1996

Gach cúig  
bhliana

2002

2006

2002

2011

Gach cúig  
bhliana

# Daonra Chúige Laighin ~ Daonáireamh 2011

	Fireannaigh	Baineannaigh	Iomlán
Laiqhean	1,233,352	1,271,462	2,504,814
Ceatharlach	27,431	27,181	54,612
Baile Átha Cliath	619,902	653,167	1,273,069
<i>as sin</i>			
An Chathair	257,303	270,309	527,612
Dun Laoghaire-	98,567	107,694	206,261
Fine Gall	134,488	139,503	273,991
Átha Cliath Theas	129,544	135,661	265,205
Cill Dara	104,658	105,654	210,312
Cill Chainnigh	47,788	47,631	95,419
Laois	40,587	39,972	80,559
Longfort	19,649	19,351	39,000
Lú	60,763	62,134	122,897
An Mhí	91,910	92,225	184,135
Uíbh Fhailí	38,430	38,257	76,687
An Iar-Mhí	42,783	43,381	86,164
Loch Garman	71,909	73,411	145,320
Cill Mhantáin	67,542	69,098	136,640

# Daonra Cúige Mumhan ~ Daonáireamh 2011

	Fireannaigh	Baineannaigh	Iomlán
Munster	620,260	625,828	1,246,088
Clare	58,298	58,898	117,196
Cork	257,470	261,562	519,032
<i>of which</i>			
Cathair Chorcaí	58,812	60,418	119,230
Contae Chorcaigh	198,658	201,144	399,802
Ciarraí	72,628	72,873	145,502
Luimneach	95,815	95,994	191,809
<i>as sin</i>			
Cathair Luimní	27,947	29,159	57,106
Contae Luimní	67,868	66,835	134,703
Tiobraid Árann Thuais	35,340	34,982	70,322
Tiobraid Árann Theas	44,244	44,188	88,432
Port Láirge	54,464	57,331	113,795
<i>as sin</i>			
Cathair Phort Láirge	22,921	23,811	46,732
Contae Phort Láirge	33,543	33,520	67,063

# Daonra Chúige Chonnachta ~ Daonáireamh 2011

	Fireannaigh	Baineannaigh	Iomlán
Cúige Chonnachta	271,110	271,437	542,547
Gaillimh	124,758	125,895	250,653
<i>As sin</i>			
Cathair na Gaillimhe	36,514	39,015	75,529
Contae na Gaillimhe	88,244	86,880	175,124
Liatroim	16,144	15,654	31,798
Maigh Eo	65,420	65,218	130,638
Ros Comáin	32,353	31,712	64,065
Sligeach	32,435	32,958	65,393




# Daonra Chúige Uladh ~ Daonáireamh 2011

	Fireannaigh	Baineannaigh	Iomlán Daoine
Uladh	147,977	146,826	294,803
Cabhán	37,013	36,170	73,183
Dún na nGall	80,523	80,614	161,137
Muineachán	30,441	30,042	60,483
DAONRA IOMLÁN	2,272,699	2,315,553	4,588,252



# Fiosrúchán Daonra



Cén contae ina chónaíonn tú? \_\_\_\_\_

Cén cúige ina bhfuil an contae seo? \_\_\_\_\_

Cé mhéad contae sa chúige seo? \_\_\_\_\_

Liostaigh na contaetha i do chúige?

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Cé na contaetha intíre sa chúige seo?

\_\_\_\_\_

Cé na contaetha atá ar thaobh na farraige?

\_\_\_\_\_

Céard é an contae is mó? \_\_\_\_\_

Céard é an contae is lú? \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

Cén daonra iomlán a bhí ag do chúige sa bhliain 2001? \_\_\_\_\_

Cé mhéad fireannach? \_\_\_\_\_

Cé mhéad baineannach? \_\_\_\_\_

An bhfuil níos mó fireannach nó baineannach ann? \_\_\_\_\_

Cén daonra iomlán a bhí ag do chontae sa bhliain 2011?

Cé mhéad fireannach? \_\_\_\_\_

Cé mhéad baineannach? \_\_\_\_\_

An bhfuil níos mó fireannach nó baineannach ann? \_\_\_\_\_

## Dúshlán!

Líon isteach bileog 'Fiosrúchán Daonra' ina roghnaíonn tú cúige agus déanann tú ainm contae a thaifead, an daonra fireannach, baineannach agus an daonra iomlán in ord ÍSLITHEACH!

Ciallaíonn ord íslitheach 'In ord méid ag tosú leis an uimhir is mó'.

*Ceacht a 2. Rang a Cúig/Sé*


# Daonra na gCúigí



Cúige :			
Contae	Fireannaigh	Baineannaigh	Iomlán

# Daonáireamh 2011 ~ Daonáireamh na hÉireann

Líon isteach daonra gach contae i bPoblacht na hÉireann



## Ceisteanna Coitianta - Tuilleadh de do fhreagraí!

Céard é an Daonáireamh?	
Cén uair a bheidh an chéad daonáireamh eile ann?	
Cén uair a bhí an daonáireamh deireanach ann?	
Cén fáth go mbíonn daonáireamh ann?	
Cén úsáid a bhaintear as an Daonáireamh?	
An bhfuil sé éigeantach?	
Céard atá le déanamh agam?	
Céard a tharlaíonn do mo shonraí ?	



# Ceisteanna Coitianta - Tuilleadh de do fhreagraí !

Cén fáth a gcaitheann mé m'ainm a thabhairt?	
Cén chaoi a gcosnaíonn tú mo shonraí?	
An féidir liom na sonraí a úsáid?	
Cén fáth go mbíonn an oiread ceisteanna ann?	
Cé a chuireann an Daonáireamh i gcrích?	
An féidir an fhoirm a chomhlánú ar líne?	
Cé chomh fada a thógfaidh sé orm an fhoirm a chomhlánú?	
Cá bhfuil cúnamh le fáil?	

## Ceisteanna Coitianta

<b>Céard é an Daonáireamh?</b>	Cuntas de gach duine sa tír Oíche an Daonáirimh é an daonáireamh. Oíche an Daonáirimh, ní mór gach duine sa tír a chur san áireamh ar fhoirm dhaonáirimh agus a bheith mar pháirt de chomhaireamh oifigiúil daoine agus áitreabh cónaithe a tharlaíonn de ghnáth gach cúig bliana in Éirinn.
<b>Cén uair a bheidh an chéad daonáireamh eile ann?</b>	Beidh an chéad daonáireamh eile ann oíche Dé Domhnaigh 24 Aibreán, 2016 agus déanfar gach duine agus teaghlach sa tír ar an oíche sin a chomhaireamh
<b>Cén uair a bhí an daonáireamh deireanach ann?</b>	Bhí an daonáireamh deireanach ann oíche Dé Domhnaigh 10 Aibreán 2011. Ar an oíche sin b'éigean gach duine sa Stát a chur san áireamh ar fhoirm dhaonáirimh, ina measc daoine a bhí ag fanacht le cairde nó le gaolta, daoine a bhí in óstán, san ospidéal, i dteach lóistín nó ar bord soithigh mar shampla.
<b>Cén fáth go mbíonn daonáireamh ann?</b>	Tabharfaidh an daonáireamh dúinn pictiúr cuimsitheach de chúinsí sóisialta agus maireachtála ár ndaoine sa bhliain 2016. Ní féidir ach le daonáireamh sonraí iomlána mar seo a sholáthar. Ní ar mhaithe leis féin atá an daonáireamh! Ach, is uirlisí riachtanacha iad na torthaí ar mhaithe le polasaí, pleanáil agus cinneadh éifeachtach a dhéanamh.
<b>Cén úsáid a bhaintear as an Daonáireamh?</b>	Tá staitisticí reatha daonra riachtanach ag leibhéal náisiúnta le pleanáil don chúram sláinte, oideachas, fostaíocht &rl. Tá figiúirí réigiúnda rí-thábhachtach le polasaí réigiúnda a dhéanamh amach agus chun obair na n-údarás áitiúil (mar shampla na Boird Sláinte) a chur i gcrích. Bíonn figiúirí sonraithe daonra curtha ar fáil ag leibhéal áitiúil le cúnamh a thabhairt an tóir gur dóigh a bheidh ar scoileanna agus áiseanna cúraim sláinte a mheas, chomh maith le háiteanna ina mbeidh dífhostaíocht ard, an áit is fearr le siopaí nua a lonnú.
<b>An bhfuil sé éigeantach?</b>	Tá. Ní mór gach duine atá sa tír Oíche an Daonáirimh a bheith san áireamh. Is é seo an dlí.
<b>Céard atá le déanamh agam?</b>	Dáilfidh an t-áiritheoir daonáirimh an fhoirm ar d'áit chónaithe am éigin 3-4 seachtain roimh lá an daonáirimh ar an 10 Aibreán. Ar lá an daonáirimh ba cheart duit an fhoirm a chomhlánú i dtaobh gach duine i do theaghlach agus an dearbhu ag deireadh na foirme a shíniú. Beidh d'áiritheoir ar ais arís i gceann 3-4 seachtain tar éis lá an daonáirimh le do fhoirm a bhailiú.
<b>Céard a tharlaíonn do mo shonraí ?</b>	Nuair a bhailíonn an t-áiritheoir an fhoirm dhaonáirimh déanann sé/sí achoimre ar na sonraí ar an gcéad leathanach den fhoirm agus cuirtear gach foirm ar ais go sábháilte chuig ceanncheathrú an daonáirimh. Déantar an fhoirm a scanadh agus déantar na sonraí a chur tú ar fáil mar fhreagra ar gach ceist a thaifead agus a seiceáil. Nuair atá taifead déanta de na sonraí ar fad déantar anailís orthu le tuairiscí suntasacha ar réimse leathan staitisticí a sholáthar.

# Ceisteanna Coitianta

Cén fáth a gcaitheann mé m'ainm a thabhairt?	Tá sé riachtanach d'ainm a thabhairt ar mhaithe le cinntiú go bhfuil gach duine sa teaghlach curtha san áireamh agus le cúnamh a thabhairt don cheann teaghlaigh a bheith cinnte go bhfuil an t-eolas cruinn pearsanta tugtha do gach duine aonair. Tugann an t-ainm cúnamh freisin aimsiú aon fhoirm atá imithe amú nó atá ann faoi dhó. Is féidir le hainmneacha a bheith ina gcúnamh freisin le clanna taobh istigh den teaghlach a aimsiú.
Cén chaoi a gcosnaíonn tú mo shonraí?	Tá an t-eolas ar fad a sholáthraíonn tú ar an bhfoirm dhaonáirimh faoi rún. Tá sé seo ráthaithe ó thaobh dlí Tá gach céim shlándála gur féidir tógtha ag an bPOS le cinntiú go bhfuil ár gcórais slán ó chur isteach ón taobh amuigh.
An féidir liom na sonraí a úsáid?	Is féidir. Beidh réamh shonraí daonra foilsithe taobh istigh de 3 mhí ó lá an daonáirimh agus as sin go ceann 18 mí beidh réimse cuimsitheach staitisticí foilsithe a chlúdaíonn na hábhair a bhfuil sonraí daonáirimh bailithe orthu.
Cén fáth go mbíonn an oiread ceisteanna ann?	Tá ceisteanna i ngach daonáireamh a bhaineann le bunábhair dhéimeagrafacha agus sóisialta, mar shampla aois, gnéas, stádas pósta, oideachas, stádas fostaíochta agus gairm bheatha. Deis faoi leith é an daonáireamh le heolas luachmhar a bhailiú le planáil don todhchaí.
Cé a chuireann an Daonáireamh i gcrích?	An Phríomh-Oifig Staidrimh (POS) a chuireann an daonáireamh i gcrích agus fostaíonn sí foireann cheantair shealadach de bheagnach 5,500 daoine leis an daonáireamh a chur i gcrích ag leibhéal áitiúil agus réigiúnda.
An féidir an fhoirm a chomhlánú ar líne?	Ní féidir. Tá obair mhór lóistíochúil i gceist leis an daonáireamh. Bheadh ceisteanna móra slándála agus riaracháin le sásamh dá mbeadh deis curtha ar fáil an fhoirm a chomhlánú go leictreonach. Bheadh orainn uimhir aitheantais faoi leith agus pasfhocal a chur ar fáil do gach duine (nó teaghlach) leis an bhfoirm a chomhlánú ar an Idirlíon le cinntiú go mbeadh na foirmeacha slán. Níl sé soiléir faoi láthair an fiú na buntáistí a bhaineann le comhlánú foirmeacha go leictreonach i gcomhthéacs na gcostas agus na rioscaí a bhaineann leis.
Cé chomh fada a thógfaidh sé orm an fhoirm a chomhlánú?	Braitheann an méid ama a thógfaidh sé an fhoirm dhaonáirimh a chomhlánú ar líon na ndaoine sa teaghlach. Ba cheart go dtógfaidh sé níos lú ná 30 nóiméid ar ghnáth theaghlach an fhoirm dhaonáirimh a chomhlánú..
Cá bhfuil cúnamh le fáil?	Tá naisc ar Shuíomh Idirlín an Daonáirimh <a href="http://www.census.ie">www.census.ie</a> a thabharfaidh cúnamh le haon deacrachtaí atá ag duine leis an bhfoirm Dhaonáirimh a chomhlánú.

# Daonra Scoile



Bliain : 2016			
Rang	Fireannach	Baineannach	Líon Páistí
Naíonáin Shóisearacha			
Naíonáin Shinsearacha			
Rang a hAon			
Rang a Dó			
Rang a Trí			
Rang a Ceathair			
<u>Rang a Cúig</u>			
Rang a Sé			

# Daonra Scoile



Bliain :			
Rang	Fireannach	Baineannach	Líon Páistí
Naíonáin Shóisearacha			
Naíonáin Shinsearacha			
Rang a hAon			
Rang a Dó			
Rang a Trí			
Rang a Ceathair			
<u>Rang a Cúig</u>			
Rang a Sé			